# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

18 Meitheamh 2020

### SLÁN LEIS AN SCOIL, FÁILTE ROIMH AN SPRAOI!

Cé go mbeidh deireadh le *Cúla4 ar Scoil* go luath, ní fada go mbeidh *Campaí Cúla4*, sraith nua do dhaoine óga, ag feidhmiú. **Meangadh Fíbín,** comhlacht léiriúcháin atá lonnaithe i mBaile na hAbhann atá ina bhun. Téama in aghaidh na seachtaine thar cúig seachtain a bheas ann. Beidh na hEalaíona traidisiúnta, bia, folláine, an dúlra, aclaíocht, spóirt, teicneolaíocht, cruthaíocht agus na meáin chumarsáide ar chuid de théamaí na gcampaí. Orla Ní Fhinneadha, bean na haimsire as an gCloich Mhóir a bheas i mbun an chéad champa ar na hEalaíona Traidisiúnta, 'sé Diarmuid Ó Mathúna a bheas i mbun folláine, bia agus an dúlra agus 'sí Máire Treasa Ní Dhubhghaill as an gCoill Rua a bheas i mbun spóirt agus aclaíochta i Seachtain 4. Cuirfear tús leis na campaí ach a gcríochnóidh *Cúla4 ar Scoil* ag deireadh mhí an Mheithimh. Tabhair cuairt ar an suíomh idirlín: www. cula4.com le teacht ar bhreis eolais ar na campaí.

### ÉACHT DÉANTA AG CAIRDE LURGAN

Comhghairdeachas mór le Stiofán Fearaíl, Dáithí Ó Ruaidh agus Jeff Neville a rinne éacht le deireanaí nuair a shiúil siad 300,000 coiscéim ar son an chumann carthanachta *Self-Help Africa.* Tá aithne mhór ar Stiofán agus ar Dhaithí anseo i gCois Fharraige agus iad i mbun oibre agus ceoil lena ngrúpa Seo Linn i gcomhar le Coláiste Lurgan. Tá breis is €7,500 bailithe ag na leaids go dtí seo ach is féidir airgead a thabhairt dóibh fós. Tá an scéal ar fad agus nasc le airgead a dheonú le fáil ag www.nos.ie

### PÁIRC SPRAOI AN SPIDÉIL


Tá gasúir An Spidéil ar bís: ní fada go n-osclófar an Pháirc Spraoi! Is gearr anois go gcuirfear bailchríoch ar an obair ar an láthair atá á réiteach in aice le Páirc an Athar Mhic Suibhne ar champas Choláiste Chonnacht. Thart ar €140,000 costas iomlán na páirce agus bailíodh €28,000 den tsuim sin ag aon ócáid amháin: oíche mhór rásaíochta capall a d'eagraigh Coiste na Páirce sa gCruiscín Lán, i mí na Samhna seo caite. Ceaptar go mbeidh an pháirc ar oscailt go luath i mí Iúil. Tá éacht déanta ag an gcoiste agus ag an bpobal i gcoitinne in iarrachtaí an togra a chur chun cinn. Guimís gach rath ar an gcoiste i dtreo deireadh an tionscadail.



### SEISIÚN CEOIL: TEACH LE CHÉILE

Tá Molscéal agus Gael Linn tagtha le chéile le seisiún ceoil, seachtainiúil a reáchtáil. Bíonn *Teach le Chéile* ar siúl chuile Dhéardaoin, @ 6i.n. ar Facebook beo. 'Sí Lasairfhíona Ní Chonaola an t-aoi is deireanaí. Sna seachtainí atá caite, rinne Máire agus Eatáin Ní Churraoin, agus Na Casadaigh óstáil ar an seisiún ceoil.

Tá breis eolais le fáil ar chuntas Facebook: Molscéal.




### CAMPAÍ CÚL CLG AR AIS!!

Fógraíodh an dea-scéal le deireanaí go mbeidh *Cúl Camps CLG*, i gcomhar le *Kellogs* agus *TG4* ar bun arís i mbliana in ainneoin Chovid 19! Cuirfear tús leis na campaí samhraidh ar an 20 Iúil ach roimhe sin, craolfar an tsraith teilifíse *GAA Cúl Camps* ar *TG4* ón 29 Meitheamh ar aghaidh, le cúnamh a thabhairt do himreoirí óga agus iad ag réiteach don champa. Is í Gráinne Bleasedale, as Ros a' Mhíl, a léireoidh an clár agus a chuirfidh fáilte roimh mhór-réaltaí spóirt léithéidí Rena Buckley agus Liam Rush. Beidh an clár le feiceáil chuile mhaidin ag 10:25, ó Luan go hAoine, ar feadh trí seachtaine. Beidh tuilleadh deiseanna ar fáil le breathnú air chuile tráthnóna ag 5:15, nó ar sheinnteoir TG4 nó ag Cúla4.com. Tá tuilleadh eolais ar na Campaí Cúl le fáil ag www.kellogsculcamps.gaa.ie



### DUAIS IDIRNÁISIÚNTA AG TUA FILMS

Bronnadh an gradam sa rannóg teilifíse ar **Tua Films** ag Féile na Meán Ceilteach le gairid. Clár sa tsraith **Finné** a d'inis scéal Sophia Murphy, a ndearna a hathair mí-úsáid ghnéis uirthi nuair a bhí sí óg a bhí mar ábhar ag an gclár. Tá an comhlacht teilifíse **Tua Films** lonnaithe sna Forbacha . Treise leo!

## GLANTACHÁN EARRAIGH SA SPIDÉAL

Tá tionscadal á reachtáil ag Coiste na nÓg sa Spidéal le seans a thabhairt do mhuintir Chois Fharraige fáil réidh le cosamar agus mangarae an tí agus euro nó dhó a thuilleamh ag an am céanna! Beidh deis ag an bpobal bheith páirteach sa togra ar an 19ú & 20ú Meitheamh ag Coláiste Chonnacht, sa Spidéal. Tá na sonraí uilig, chomh maith le liosta maidir le hearraí feiliúnacha, agus iad siúd nach nglacfar leo, le fáil ar Facebook ag an leathanach: ***'Cash for Clobber'***.

## SÁBHÁILTEACHT SAN UISCE

Seo chugainn an samhradh, dea-aimsir le cúnamh Dé agus neart cuairteanna trá agus farraige! Chuir *Sábháilteacht Uisce na hÉireann* tús le feachtas le deireanaí le cinntiú go bhfuil eolas ag an bpobal ar dhea-chleachtais i leith sábháilteacht uisce. Tá réimse leathan acmhainní, i nGaeilge, ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta le sábháilteacht uisce a mhíniú agus a mhúineadh do ghasúir. Cuirtear acmhainní, idir chuir i láthair agus cheachtanna idirghníomhacha, ar fáil de réir aoise agus leibhéil. Tá tuilleadh eolais, chomh maith leis na hacmhainní iad féin le fáil ag: www.watersafety.ie nó 091 564 400




## OPT NA TÍRE AR INSTAGRAM NA ROINNE

Tugadh cuireadh do ghrúpa Oifigh Pleanála Teanga ó limistéirí pleanála teanga ar fud na tíre seilbh a ghlacadh ar chuntas **Instagram** na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ní raibh moill ar bith orainn an deis a thapú leis an scéal a scaipeadh maidir leis an obair a bhíonn ar siúl againn le tacú leis an Ghaeilge agus í a fhorbairt i chuile ghné den saol. Beidh mé féin, Katie, ag glacadh páirte ann ar an Aoine 19ú Meitheamh ag am lóin. Beidh fáilte 's fiche roimh cheist ar bith, maidir le mo chuid oibre agus mo ról sa bpobal. Seol chugam iad ag: optchoisfharraige@gmail.com. Tá súil agam go bfeicfidh mé ann sibh!



An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

**Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com**

Le *Féile Traidphicnic* á reáchtáil ar líne i mbliana, tá físeáin á fhoilsiú go minic ar leathanach Facebook na féile le blas a thabhairt dúinn don cheol a bheas ann ar an 3-5 Iúil!





Tá físeáin réitithe ag **Muinteraras** mar chuid de Chruinniú na nÓg, faoin téama Ag Saothrú & Ag Seilg. Pléitear oidis thraidisiúnta gur féidir a dhéanamh le plandaí, a phléadh i bhfíseáin an tseachtain seo caite. Sraith iontach do dhaoine óga, le fáil ar leathanach Facebook: Muintearas Físeáin.

Cruinniú na nÓg






Foilsíodh eagrán nua an tseachtain seo den Rang Beag Scríbhneoireacht atá ar bhun ag **Cló Iar-Chonnacht**. Feictear Alex Hijmans ag plé cúrsaí scríbhneoireachta an babhta seo! Le fáil ar chuntas Chló Iar-Chonnacht ar YouTube.

Craolfar sraith nua ar YouTube, ar chuntas *Spórt TG4*, ag 7i.n. chuile Chéadaoin. Sa chlár, déantar siúl siar ar na heachtraí is cáiliúla i gcluichí CLG le linn na hochtóidí. Tá an clár léirithe ag **Nemeton**, agus tugtar cuireadh don lucht féachana turas a thabhairt ar bhóithrín na smaointe.

Spórt TG4







Bíonn Biongó, ar líne ar siúl chuile Luan agus Céadaoin @ 7i.n. Eolas ar fáil: FB Glór na nGael!

'Sé inniu an lá deireanach le clárú do Rás na Gaeltachta ar an 23 Meitheamh! Má tá suim agat ann, cuir scairt ar Katie 083 010 6294

## SEIRBHÍSÍ EAGLASTA

Beidh aifreann á chraoladh ar líne ó shéipéil Chois Fharraige le linn na tréimhse seo.

**Na Forbacha**
**091 590 956**
Luan - hAoine
9:30r.n.
Dé Sathairn 6:00i.n.
Domhnach: 11:30r.n

**Paróiste an Spidéil**
**091 553 155**
Luan - hAoine
10:00r.n.
Dé Sathairn 6:00i.n.
Domhnach:
11:00r.n.

**Paróiste an Chnoic**
**091 593 122**
Máirt & Déardaoin
10:00r.n.
Dé Sathairn 7:30i.n.
Domhnach:
11:00r.n.